



Acmhainní Próiseála Urlabhra don Ghaeilge agus don Bhreatnais: Aibreán 2004

Nuacht: Cruinniú WISPR, 9 Márta 2004: Saotharlann Foghraíochta, Coláiste na Tríonóide

- Fostaíodh Brian Ó Raghallaigh le déanaí agus oibreoidh sé go lánaimseartha ar thionscadal WISPR sa Saotharlann Foghraíochta i gColáiste na Tríonóide. Fostaíodh Máire Ní Mhurchadha chomh maith agus oibreoidh sí go páirtaimseartha ar an gcorpas urlabhra ó shuíomh i nGaillimh.
- Tá John Wogan ón Saotharlann Foghraíochta i gColáiste na Tríonóide ag cabhrú leis an tionscadal faoi láthair agus fostófar é faoi WISPR i Mí Meán Fómhair, 2004.
- Fostaíodh Irena Yanushevskaya le traenáil i dtrascíobh foghraíochta a chur ar na daoine a bhéas ag obair ar an gcorpas urlabhra Gaeilge.
- Cuireadh tús le teascánú agus trascíobh ar chorpas samplach ar taifeadaíodh sa Saotharlann Foghraíochta. Tógfar an corpas samplach seo (trascíofa le Praat) go ATR sa tSeapáin nuair a théann Ailbhe, Christer agus Mika ar cuairt ann go luath (18 Márta - 10 Aibreán). Déanfar tástáil ar cé chomh maith is a n-oibríonn sé leis an sintéiseoir urlabhra CHATR.

IMEACHTAÍ LE TEACHT

- Comhdháil do Theangeolaíocht na Gaeilge 2004: Labhróidh Ailbhe agus Brian faoi WISPR ag an 8ú Comhdháil Bliantúil ar Theangeolaíocht na Gaeilge a bhéas ar siúl i gColáiste Phádraig i nDroim Conrach.
- Ceardlann ag LREC i Lisbon LREC: Rachaidh Ailbhe agus Brian go Lisbon ag deireadh Mí na Bealtaine le póstaer ar WISPR a chur i láthair ag an gcomhdháil idirnáisiúnta LREC.
- Cuirfidh Rob Clarke ó CSTR in Ollscoil Dhún Éidinn ceardlann ar siúl maidir le húsáid Festival don sintéis urlabhra ó 17 - 19 Bealtaine i gColáiste na Tríonóide.

Ar Oileán Eile...

- Fostaíodh Bill Hicks agus Dewi Jones ar an tionscadal. Tá cúlra ag an mbeirt acu i ríomheolaíocht ach go háirithe litreoirí agus gramadóirí don Bhreatnais.
- Fostaíodh Briony Williams le hobair ar an tionscadal freisin.
- Fograíodh folúntais eile agus cuireadh a lán suime iontu. Fuaireadh seacht n-iarratas maithe agus tá siad á meas faoi láthair.
- Tá a lán idirchaidrimh déanta idir foireann WISPR sa Bhreatain Bheag agus lucht mhíchumas radhairc sa Bhreatain Bheag, ach go háirithe The Royal National Institute of the Blind (RNIB).

Úsáideoirí?

- Gaeilgeoirí le míchumas urlabhra (sintéiseoirí urlabhra) agus Gaeilgeoirí le míchumas radhairc ('screen readers')
- Scoláirí atá ag foghlaim Gaeilge sa rang nó ar líne
- Gnóthais Bheaga agus Meánacha atá ag iarraidh teicneolaíocht urlabhra a úsáid ina gcuid táirgí
- An pobal go ginearálta de réir mar a chuireann siad aithne ar shintéis téacs-go-hurlabhra

Le haghaidh tuilleadh eolais...

An Saotharlann Foghraíochta –

Guthán: +353-(0)1-6081348

Rphost: woganj@tcd.ie

Baill foirne...

Éire:

Ailbhe Ní Chasaide
Christer Gobl
John Wogan
Brian Ó Raghallaigh
Irena Yanushevskaya
Mika Ito
Fred Cummins
Julie Berndsen
Máire Ní Chiosáin
Rónán Scaife

John McKenna
Elaine Uí
Dhonnchadha

An Bhreatain

Bheag:

Delyth Prys
Briony Williams
Bill Hicks
Dewi Jones



Faigheann tionscadal WISPR maoiniú ón EU Interreg IIIA Community Initiative. Faigheann sé tacaíocht freisin ó TCD, UCD, DCU agus ITÉ a sholáthraíonn acmhainn breise mar thacaíocht don tionscadal.